# IS POST É GUR FIÚ A DHÉANAMH

## AR SMAOINIGH TÚ RIAMH FAOI GHAIRM BHEATHA LEIS AN nGARDA SÍOCHÁNA?

Tá An Garda Síochána ag lorg iarratasóirí a bhfuil réimse leathan scileanna acu – teastaíonn na scileanna atá AGATSA uainn. Spreagaimid TUSA agus daoine ó gach réimse den saol dul i mbun oibre linn chun go ndéanaimid ionadaíocht níos fearr do na pobail ar a bhfreastalaímid

Tá an éagsúlacht a léiríonn TUSA á lorg againn – Spreagaimid THÚ chun dul leis an nGarda Síochána.

## CÉN FÁTH GUR CHEART DOM TOSÚ AG OIBRIÚ LEIS AN nGARDA SÍOCHÁNA?

Post spreagúil í an phóilíneacht a mbaineann éilimh ar leith léi. Is ról dúshlánach agus spreagúil é agus ról atá ann a chruthaíonn eispéiris nua agus shuimiúla i gconaí.

Baineann i bhfad níos mó le póilíneacht nua-aimseartha ná díreach cosc na coireachta. Is iad na príomhrudaí a dhéanann difríocht dhearfach agus a fheabhsaíonn caighdeán na beatha do gach soaránach an eagla roimh choireacht a laghdú agus oibriú i gcomhar le pobail.

Mar chomhalta den Gharda Síochána, oibreoidh tú ag an túslíne, tacóidh tú le híospartaigh agus le finnéithe, agus cuirfidh tú athdhearbhú ar fáil agus cothóidh tú muinín. Chomh maith leis sin, beidh tú in ann cur go réamhghníomhach le do cheantar, agus caidreamh agus iontaoibh a fhorbairt laistigh den phobal.

Cuirfidh d'oiliúint na huirlisí go léir ar fáil duit a theastaíonn uait chun tabhairt faoi na feidhmeanna agus faoi na tascanna riachtanacha a mbíonn súil leo chun póilíneacht a dhéanamh ar shochaí atá ag éirí níos éagsúla i gconaí. Baineann sásamh intreach leis an bpóilíneacht agus íocfar tuarastal iomaíoch leat freisin, chomh maith le liúntais mhealltacha.

Le céim oiliúnaí a bhaint amach, áfach, caithfidh tú aghaidh a thabhairt ar phróiseas dian roghnaithe, atá in ainm is measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na tréithe agat go ndéanfar comhalta rathúil den Gharda Síochána díot.

Tar éis gur cuireadh oiliúint ort, cruthaíonn gairm bheatha sa Gharda Síochána deiseanna chun oibriú i réimse fairsing limistear, cosúil le Póilíneacht Phobail, Póilíniú Bóithre, Ord Poiblí, Dualgais Bhleachtaire, Coireacht Eagraithe a imscrúdú, Calaois agus Cionta Drugaí.

Tá an Garda Síochána tiomanta do sheirbhís phóilíneachta a chruthú a dhéanann ionadaíocht iomlán do gach pobal éagsúil in Éirinn agus tugann sé spreagadh gníomhach do gach iarrthóir incháilithe iarratas a dhéanamh.

DIFRÍOCHT DHEARFACH

CAIDREAMH A FHORBAIRT

TUARASTAL IOMAÍOCH

OILIÚINT AGUS DEISEANNA

**CHUN NÍOS MÓ EOLAIS AGUS SONRAÍ A FHÁIL MAIDIR LE CÁILÍOCHTAÍ AGUS AN CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN, SCAN AN CÓD MF LE DO THOIL:**